**COUNCIL OF THE EUROPEAN UNION**

**Brussels, 13 March 2014**

**7700/14**

**Interinstitutional File: 2011/0449 (COD)**

**JUR 157**
**GAF 19**
**FIN 210**
**CADREFIN 52**
**CODEC 781**

**LEGISLATIVE ACTS AND OTHER INSTRUMENTS: CORRIGENDUM/RECTIFICATIF**

| | |
|---|---|
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council establishing an exchange, assistance and training programme for the protection of the euro against counterfeiting (the 'Pericles 2020' programme) and repealing Council Decisions 2001/923/EC, 2001/924/EC, 2006/75/EC, 2006/76/EC, 2006/849/EC and 2006/850/EC<br>(PE-CONS 28/1/13 REV 1, 11.3.2014) |

LANGUAGE concerned: **GA**

PROCEDURE APPLICABLE according to the Council Statement of 1975.
(The procedures are explained in Council document 5980/07 JUR 49, available in the official languages, together with a translation of the structure of this cover page.)

— Procedure 2(b) (obvious errors in one language version)

TIME LIMIT for the agreement of the Presidency and of the European Parliament (in case of acts adopted under the ordinary legislative procedure): 3 days

**Any observations regarding this corrigendum should be notified to the Presidency:**

**Ms. Vassiliki Karra:**

**e-mail: vkarra@rp-grece.be**

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**CEARTÚCHÁN**

ar Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár malartúcháin, cúnaimh agus oiliúna chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (clár 'Pericles 2020') agus lena n-aisghairtear Cinntí 2001/923/CE, 2001/924/CE, 2006/75/CE, 2006/76/CE, 2006/849/CE agus 2006/850/CE ón gComhairle

(PE-CONS 28/1/13 REV 1, 11.3.2014)

<u>Leathanach 6, Aithris 9, an fonóta</u>

In ionad:

"[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1)"

Léitear:

"[1] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) <u>Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1)</u>"

<u>Leathanach 9, Aithris (19)</u>

In ionad:

"(19) Ba cheart Cinntí 2001/923/CE, 2001/924/CE, 2006/75/CE, 2006/76/CE, 2006/849/CE agus 2006/850/CE a aisghairm. Ba cheart bearta idirthréimhseacha a chur ar fáil chun oibleagáidí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí arna saothrú faoi na Cinntí a chomhlánú."

Léitear:

"(19) Ba cheart Cinntí 2001/923/CE, 2001/924/CE, 2006/75/CE, 2006/76/CE, 2006/849/CE agus 2006/850/CE a aisghairm. Ba cheart bearta idirthréimhseacha a chur ar fáil chun oibleagáidí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí arna saothrú faoi na Cinntí <u>sin</u> a chomhlánú."

Leathnaach 15, Airteagal 8(2)(a), an chéad dá abairt

In ionad:

"(a) malartú agus scaipeadh faisnéise, go háirithe trí cheardlanna, cruinnithe agus seimineáir lena n-áirítear oiliúint, socrúcháin spriocdhírithe agus malartú foirne de chuid údarás inniúil náisiúnta agus gníomhaíochtaí eile comhchosúla a eagrú. Beidh an malartú faisnéise dírithe ar na nithe seo a leanas:"

Léitear:

"(a) malartú agus scaipeadh faisnéise, go háirithe trí cheardlanna, cruinnithe agus seimineáir, lena n-áirítear oiliúint, socrúcháin spriocdhírithe agus malartú foirne de chuid údarás inniúil náisiúnta agus gníomhaíochtaí eile comhchosúla, a eagrú. Beidh an malartú faisnéise dírithe ar na nithe seo a leanas, inter alia:"

Leathanach 16, Airteagal 8(2)(b), an chéad fhleasc

In ionad:

"– aon bheart iomchuí a bhunaíonn acmhainní múinteoireachta ar leibhéal an Aontais, amhail lámhleabhair maidir le reachtaíocht an Aontais, bullaitíní eolais, lámhleabhair phraiticiúla, gluaiseanna agus foclóirí, bunachair shonraí, go háirithe i réimse an chúnaimh theicniúil nó na faire teicneolaíochta nó feidhmchláir thacaíochta ríomhaire, amhail bogearraí;"

Léitear:

"– aon bheart iomchuí a bhunaíonn acmhainní múinteoireachta ar leibhéal an Aontais, amhail lámhleabhar maidir le reachtaíocht an Aontais, bullaitíní eolais, lámhleabhair phraiticiúla, gluaiseanna agus foclóirí, bunachair shonraí, go háirithe i réimse an chúnaimh theicniúil nó na faire teicneolaíochta nó feidhmchláir thacaíochta ríomhaire, amhail bogearraí;"

Leathanach 19, Airteagal 11. an dara mír

In ionad:

"Le gach clár bliantúil oibre, cuirfear cuspóirí ginearálta agus sonracha an chláir dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 faoi seach chun feidhme tríd an méid seo a leanas a leagan amach:"

Léitear:

"Le gach clár bliantúil oibre, cuirfear na cuspóirí ginearálta agus sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 faoi seach chun feidhme tríd an méid seo a leanas a leagan amach:"